



Gaeltacht UCD

Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr

Gaeltacht UCD Tuarascáil

Meán Fómhair 2021- Lúnasa 2022



www.ucd.ie/bnag

Foráil Speisialta do Chothú na Gaeilge 2022

Gaeltacht UCD, Lárionad Domhanda do Theanga agus Cultúr na Gaeilge, UCD,

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Tuairisc maidir le Gníomhaíochtaí, Meán Fómhair 2021 go Lúnasa 2022

<https://www.ucd.ie/irish/ga/>

- **Achoimre**
- **Tionscadal 1**
Cúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn, Foireann Teagaisc agus Foireann UCD
An Fhoghlaim Teanga Taobh Amuigh den Seomra Ranga
- **Tionscadal 2**
Clár Cultúrtha na Gaeilge
- **Tionscadal 3**
Teach na Gaeilge 2021-2022, Scoláireachtaí do Scéim Chónaithe Ghaeilge UCD
- **Tionscadal 4**
Rannpháirtíocht Ghaeltacht UCD: Áitiúil, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta
- **Tionscadal 5**
Tacaíochtaí d'Fhoireann UCD Taca-Aistriúchán, Seirbhís Chomhairleach, agus Acmhainní
- **Tionscadal 6**
Gníomhaíochtaí do Chur Chun Cinn na Gaeilge
- **Tacaíocht Ollscoile**
Struchtúr, Bainistíocht agus Riarachán

Achoimre

Déanann Gaeltacht UCD, Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr, an Ghaeilge a chothabháil agus a chur chun cinn sa Cholaíste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is í aidhm an Ionaid ná cur amach ar an teanga a mhéadú, deiseanna dá húsáid a chruthú agus dearcadh dearfach i leith úsáid na teanga a chothú i measc phobal na hOllscoile, cuspóirí atá ag teacht le Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Bíonn Gaeltacht UCD bródúil as an teanga a chaomhnú agus a chur chun cinn agus bíonn sí ag ceiliúradh forbairtí dearfacha a tharla le déanaí maidir le reachtaíocht ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Tá a fhios ag an Ionad chomh maith go bhfuil baol ann don Ghaeilge mar theanga an phobail agus go bhfuil ról suntasach aige tacaíocht a thabhairt do chainteoirí gníomhacha Gaeilge agus iad ag aistriú ó oideachas dara leibhéal go tríú leibhéal agus ar aghaidh go gairmeacha ar leith ina dhiaidh sin. Tugann UCD cosaint don teanga agus dá phobal agus cuireann sé sin le gealltanas na hollscoile timpeallacht a chothú ina bhfuil meas ar an ilteangachas agus ar an éagsúlacht chultúrtha agus gur féidir leo dul ó neart go neart.

Agus é mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann, is é aidhm An Cholaíste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ná scileanna agus cumais dhomhanda a fhorbairt laistigh dá phobail; is gnéithe lárnacha iad an fheasacht teanga agus an sealbhú teanga i bPlean Straitéiseach UCD agus ina Straitéis um Rannpháirtíocht Dhomhanda 2021-2024. Tuigtear san ollscoil go neartaítear an inniúlacht dhomhanda le tuiscint ar theangacha agus cumas i dteangacha nach iad do mháthairtheanga(cha) iad. Mar sin, an aidhm atá ag an ollscoil ná go mbeadh teacht níos leithne ar an bhfoghlaim teanga agus a cuid buntáistí a chur chun cinn trasna an champais. Cuirtear an Ghaeilge san áireamh i dtionscnamh UCD, 'Teangacha don Saol', tionscnamh atá lárnach i Straitéis UCD. Tá tionscnaimh Ghaeltacht UCD, atá maoinithe faoin bhforáil speisialta do thacaíocht na Gaeilge, ag teacht le cuspóirí na straitéise seo. Le linn 2021-2022, thug an tIonad tacaíocht ghníomhach do chainteoirí Gaeilge, cuireadh fáilte roimh fhoghlaimeoirí nua, agus cuireadh an Ghaeilge chun cinn trí raon leathan gníomhaíochtaí. Tugann na tionscnaimh, a ndéantar cur síos orthu sa tuairisc seo, tuiscint níos doimhne do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus don fhoireann ar a bhféiniúlacht chultúrtha féin agus spreagann siad fiosracht iontu foghlaim faoi chultúir eile.

Tionscadal 1: Cúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn, Foireann Teagaisc agus Foireann UCD

<https://www.ucd.ie/irish/ga/teanga/cursaiteanga/>

Cúrsaí

I mbliain acadúil 2021-2022, bhí fonn ar fhoghlaimeoirí filleadh ar an teagasc aghaidh ar aghaidh, tar éis na srianta sláinte a bhí ann roimhe sin. Lean Gaeltacht UCD leo ag forbairt cúrsaí Gaeilge agus á gcur ar fáil ag 5 leibhéal teanga. I measc na bhfoghlaimeoirí teanga bhí fostaithe agus mic léinn agus bhí ardleibhéal rannpháirtíochta ó phobal domhanda na hOllscoile. Chuir an caidreamh dearfach idir na foghlaimeoirí go mór le pobal chainteoirí Gaeilge UCD, tugadh deis do mhic léinn a bhí ar cuairt agus mic léinn mhalairte meascadh le chéile, agus spreagadh rannpháirtíocht idir na mic léinn, an fhoireann teagaisc agus baill foirne eile. Chomh maith leis sin, d'imir rannpháirtíocht na foirne leis an gcúrsa tionchar dearfach ar thionscnaimh Ghaeilge eile a chur i bhfeidhm ar an gcampas. Reáchtáladh triail socrúcháin teanga ar líne do na foghlaimeoirí go léir roimh thús na gcúrsaí, rud a chinntigh gur cuireadh na foghlaimeoirí ag leibhéal a d'oirfeadh dá riachtanais.

Ó Mheán Fómhair 2021 go Meitheamh 2022, bhí 593 clárúchán do chúrsaí Ghaeltacht UCD, 300 clárúchán do theagasc, agus 293 eile le haghaidh ceardlanna ilteangacha.

San áireamh bhí cúrsaí oíche, grúpaí plé ar phodchraolta, ceardlanna oiliúna, ceardlanna ilteangacha cultúrtha, agus scoil samhraidh seachtaine. Bhí 14 teagascóirí cáilithe fostaithe ag an Ionad ar bhonn páirtaimseartha; 8 le cúrsaí oíche a chur ar fáil agus 5 eile don scoil samhraidh. Tugadh ceistneoirí do gach foghlaimeoir ag deireadh gach cúrsa agus bhí an tIonad sásta leis an aiseolas a fuarthas.

Cúrsa Nua, Meán Fómhair 2021

D'fhorbair Gaeltacht UCD cúrsa ullmhúcháin nua le haghaidh scrúdú *Theastas Eorpach na Gaeilge B1* (Teastas sa Ghaeilge, leibhéal B1) a cuireadh ar fáil den chéad uair i Meán Fómhair 2021. Cuireadh an cúrsa sin ar fáil chomh maith leis na léibhéil teanga a bhí ar fáil roimhe sin: Leanadh ar aghaidh le A1, A1+, B1, agus B2, den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (CEFR). Dearadh an cúrsa d'fhoghlaimeoirí a bhí ag iarraidh cuid de nó gach cuid de scrúdú B1 a thógáil; scríbhneoireacht, labhairt agus cluastuiscint. Mar chuid de na hacmhainní nua, tá taifeadtaí digiteacha, ábhar físeáin, agus cleachtaí idirghníomhacha sna trí mhórchanúint. Mar thoradh ar na hathruithe i reachtaíocht a

bhaineann leis an nGaeilge, Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), Nollaig 2021, agus an dualgas atá anois ar chomhlachtaí poiblí cur le céatadán na bhfostaithe a bhfuil Gaeilge acu, táthar ag súil leis go mbeidh an infheistíocht a cuireadh isteach in acmhainní teagaisc agus foghlama, a dearadh go speisialta d'fhoghlaimeoirí UCD, mar thacaíocht agus spreagadh breise do mhic léinn agus don fhoireann cáilíocht sa Ghaeilge a bhaint amach.

Oibríonn Gaeltacht UCD i gcónaí chun torthaí foghlama a fheabhsú. Tá sé mar aidhm aici ardchéadtadán foghlaimeoirí a tharraingt chun cáilíocht sa Ghaeilge ar nós *Theastas Eorpach na Gaeilge* B1, a bhaint amach. Tá Gaeltacht UCD sásta go bhfuil ardchaighdeán ag baint le hábhar na gcúrsaí, ag leibhéal A1 (atá in úsáid ó 2019) agus leibhéal B1 (in úsáid ó 2021). Mar sin féin, beidh infheistíocht bhreise de dhíth chun na hacmhainní ag leibhéil A2 agus B2 a uasdátú le cinntiú go dtagann siad ar fad le dea-chleachtais san fhoghlaim teanga. Tá tuiscint ag Gaeltacht UCD ar na hathruithe atá tagtha ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí mar thoradh ar an bpaindéim dhomhanda agus ar sprioc na hOllscoile athrú trí mheán na teicneolaíochta digití, agus mar sin, tá sé i gceist na hacmhainní a fhorbairt go digiteach amach anseo.

An Fhoghlaim Teanga Taobh Amuigh den Seomra Ranga

Chomh maith lena cúrsaí teanga struchtúrtha, d'fhreagair Gaeltacht UCD ar an éileamh ó mhic léinn agus ó fhoireann ar dheiseanna chun an teanga a úsáid taobh amuigh den seomra ranga.

'Podphlé', Pléghrúpa Podchraolta

Cúlra: I Meán Fómhair 2020, cuireadh tús le tionscadal nua san Ionad, *Podphlé*, pléghrúpa podchraolta. Dearadh an tionscadal seo dóibh siúd a bhfuil cumas sa teanga acu cheana, ag meánleibhéil agus ag ardleibhéil, nach raibh fonn orthu freastal ar chúrsa ach a bhí réidh deis a thapú chun a gcuid líofachta a chur chun cinn agus chun cur lena stór focal. Cosúil le coincheap an chlub leabhar, roghnaíonn rannpháirtithe in *Podphlé* podchraoladh Gaeilge le héisteacht leis agus le plé a dhéanamh air gach seachtain. Bhí rath ar an tionscnamh seo agus leanadh leis i dTéarma an Fhómhair 2021.

Rinne iriseoir agus craoltóir Sinéad Ní Uallacháin, cainteoir dúchais ó Ghaeltacht Chorca Dhuibhe, *Podphlé 2021* a éascú. Leis an ngníomhaíocht seo, a bhí ar siúl gach oíche Dé

Máirt, cuireadh ar chumas na rannpháirtithe topaící spéise reatha a phlé le níos mó líofachta. Ní hionann *Podphlé* agus an 'ciorcal comhrá' traidisiúnta ná grúpa comhrá sa mhéid go ndíríonn sé ar théamaí podchraolta ar leith agus bhí gné a bhain leis an éisteacht aige a tharraing aird ar dhifríochtaí i gcanúintí na Gaeilge. Tugadh foireann agus mic léinn iarchéime ó choláistí na nDaonnachtaí, na hEolaíochta agus an Ghnó le chéile i ngach seisiún. Anseo tá liosta de na podchraoltaí a pléadh, iad tógtha ó ardáin éagsúla ar líne. Leanadh le *Podphlé* 2021 ar líne le freastal ar an réimse leathan rannpháirtithe agus na socruithe oibre ar leith a bhí acu.

Téarma an Fhómhair 2021 - Podchraoltaí Gaeilge

Scéalta agus Béilte le Doireann Ní Ghlacáin	https://soundcloud.com/rnl/scealta-agus-beilte-doireann-ni-ghlacain
Na Seansálaithe	Na Seansálaithe on Apple Podcasts
Dráma Raidió	Stream episode Heileo Houston (Dráma Raidió) by Raidió na Life podcast Listen online for free on SoundCloud
Drámaí	Drama On One - An Duairceán le Aodh Ó Domhnaill (rte.ie) Drama On One - Leaba an Bháis le Darach Mac Con Iomaire (rte.ie)
Agallaimh	'Faigheann sé beagán exciteáilte': Athair Mhartin Mc Donagh (rte.ie) 'D'oscail an domhan ar fad os mo chomhair' (rte.ie)
Comhrá le hÓigie	Comhrá le Alex Hijmans - Comhrá le hÓigie Acast

Ceardlann Nua don Fhoireann Teagaisc agus Foireann, 'Scileanna Raidió'

Cúlra: Thosaigh Gaeltacht UCD ar mhodúl maidir le scileanna cumarsáide a fhorbairt, 'Scileanna Cumarsáide' do scoláirí na scéime cónaithe. Tá an modúl seo á chur ar fáil ó 2007. Cuireann craoltóirí agus iriseoirí ó na meáin Ghaeilge leis an modúl seo go bliantúil, agus cuirtear na scileanna teanga agus teicniúla cuí ar fáil do na mic léinn cur leis na meáin trí Ghaeilge. Tarraingíodh aird an Ionaid ar an mbealach a bhféadfadh na scileanna seo a bheith luachmhar d'fhostaithe UCD chomh maith. Is minic a bhíonn saineolas fhoireann teagaisc UCD ach go háirithe ag teastáil ó na meáin Ghaeilge, ach bíonn drogall ar a lán saineolaithe ábhair a bhfuil an teanga ar a dtail acu glacadh le cuirí ó Raidió na Gaeltachta, Raidió Uladh BBC agus/nó ó na meáin cosúil leis sin de bharr nach bhfuil siad cleachta le bheith ag craoltóireacht trí mheán na Gaeilge. I mí Feabhra 2022, chuir an tIonad ceardlann Sinéad Ní Uallacháin, a éascú. Dearadh an cheardlann dóibh siúd a bhfuil ardchumas Gaeilge acu agus úsáideadh cur chuige praiticiúil chun ullmhúchán a dhéanamh d'agallamh trí Ghaeilge.

Fuarthas aiseolas iontach uathu siúd a bhí i láthair, scoláirí ó réimsí an oideachais, na hinnealtóireachta, agus an ghnó agus táthar ag súil leis go gcuirfí leis an tionscnamh nua seo.



Cúrsaí Teanga

Cúrsaí Teanga- Baill Foirne & Mic léinn Cláraithe 2021-'22

Téarma an Fhómhair agus Téarma an Earraigh

Meán Fhómhair 2021- Aibreán 2022	Téarma an Fhómhair	Téarma an Earraigh	Iomlán
A1-Bunrang	85	46	131
A1 Bunrang ar lean (Téarma an Earraigh amháin)		22	22
A2 Bunrang 2	15	8	23
B1 Meánrang 1	13	8	21
Cúrsa ullmhúcháin do Theastas Eorpach na Gaeilge, B1	10	3	13
B2 Meánrang 2	11	12	23
'Podphlé', comhrá ar líne (Téarma an Fhómhair amháin)	6	-	6
Ceardlann i Scileanna Cumarsáide (Téarma an Earraigh amháin)	-	6	6
	140	96	245

Dianchúrsaí, Samhraidh 2022

Meitheamh 2022-Iúil 2022		Iomlán
Mic léinn ar chuairt ó Ollscoil Arizona Thuaidh, SAM	22	22
Scoil Samhraidh Gaeltacht UCD	33	33
		55


Líon iomlán: 2021-2022	300
------------------------	-----



Cúrsaí Teanga



Mic léinn ar chuairt ó Ollscoil Thuaisceart Arizona lena nOllamh Eyllin Marie Palarmo-Munsell ag freastal ar rang Gaeilge de chuid Ghaeltacht UCD, Iúil 2022



Baill foirne de chuid na hOllscoile a d'fhreastal ar an gcúrsa craoltóireachta, curtha i láthair ag an gcraoltóir Sinéad Ní Uallacháin

Tionscadal 2

Clár Cultúrtha na Gaeilge

<https://www.ucd.ie/irish/ga/cultur/>

Cultúr na Céadaoine/Ceardlanna Cultúrtha, Deireadh Fómhair 2021- Feabhra '22

Le linn 2021-'22 leanadh leis an tsraith *Cultúr na Céadaoine*, a tosaíodh ar dtús in 2020. Mar chuid den tsraith seo, cuireadh ceardlanna ar líne ar fáil, a bhain le gnéithe ar leith de theanga agus de chultúr na Gaeilge agus bhí cur i láthair agus plé as Gaeilge, as Béarla nó go dátheangach ina dhiaidh sin. Cuirtear clár gníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha, a ghabhann lena gcúrsaí teanga, ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá cláraithe ar chúrsaí Ghaeltacht UCD. Toisc gur gníomhaíocht ar líne é *Cultúr na Céadaoine*, bhíodhas in ann leanúint leis na gníomhaíochtaí sin le linn shrianta an rialtais 2020-'21. Rinneadh an cinneadh leanúint leis an tionscadal seo ar líne i bhFómhar 2021, agus mar sin bhí alumnas UCD agus baill de phobail áitiúil, náisiúnta agus dhomhanda UCD in ann páirt a ghlacadh ann. San iomlán, chláraigh 293 rannpháirtí do na 5 cheardlann a cuireadh ar fáil, Deireadh Fómhair 21 - Feabhra'22. I measc na láithreoirí i mbliana bhí sochtheangeolaí an Dr Colin Flynn, ceoltóir traidisiúnta Irial Ó Ceallaigh, Comhairleoir Contae/Fiontraí Sóisialta Peter Kavanagh, bitheolaí Éanna Ní Lamhna agus saor cloiche Ken Curran. Bhí freastal maith ar an tsraith ó mhic léinn iarchéime i mBelfield, agus ó mhic léinn UCD atá cláraithe thar lear.

Spórt Gaelach, Meán Fómhair - Samhain 2021

Tá ról lárnach ag cluichí CLG i gcultúr na hÉireann agus bíonn dlúthcheangal ag go leor cumann CLG leis an teanga. Is imreoirí cumasacha iad go leor mhic léinn Ghaeltacht UCD agus imríonn siad ar son UCD agus/nó a gcontaetha dúchais ar pháirc na himeartha. Is é tuairim Ghaeltacht UCD ná go mbíonn gníomhaíochtaí seach-churaclaim Ghaeilge níos fearr nuair a bhíonn siad faoi stiúir na mac léinn féin. Tugann an tlonad tacaíocht don ghníomhaíocht tríd an scéim chónaithe, *Cumann Gaelach UCD* (cumann Gaelach na mac léinn), agus Aontas na Mac Léinn UCD. Trí na cláir ionductaithe agus oiliúna ar leith, díreann ar neartú foirne agus forbairt cheannasaíochta le nuálaíocht agus rannpháirtíocht na gcainteoirí Gaeilge a éascú; tugtar cabhair trí mheán urraíochta chomh maith. I Meán Fómhair 2021, áfach, d'aithin an tlonad go raibh a lán mac léinn ag foghlaim ina n-aonar ar

feadh tréimsí fada agus go raibh gá ann gníomhaíocht taobh amuigh a chur ar fáil a spreagfadh rannpháirtíocht. Le tacaíocht ó Chluiche Corr na hÉireann agus ó Áiseanna Spóirt UCD, rinne oide Ghaeltacht UCD, Siobhán Ní Dhuifigh cluiche corr a chur ar fáil go seachtainiúil, a imríodh go dátheangach. Roghnaíodh cluiche corr mar spórt traidisiúnta CLG, nach raibh aon taithí air nó scileanna i gcluichí CLG ag teastáil, agus mar sin bhí réimse leathan mac léinn in ann freastal air, ina measc mic léinn ó thíortha eile. Cuireadh eolas faoin tionscnamh chuig mic léinn trí ríomhírisí agus ar na meáin sóisialta agus tháinig imreoirí le chéile uair sa tseachtain ar feadh 6 seachtaine le linn Théarma an Fhómhair, 2021.

Comhcholáistí UCD na Síne, Clár Cultúrtha Saincheaptha, Eanáir 2022

Cuireann mic léinn agus foireann Ghaeltacht UCD clár cultúrtha saincheaptha ar fáil do mhic léinn atá cláraithe le UCD ó thrí chomhcholáiste de chuid UCD sa tSín: Beijing-Dublin International College (BDIC), i mBeijing The Chang'an-Dublin International College (CDIC) in Xi'an, agus The Guangzhou-Dublin International College (GDIC) in Guangzhou. Cinntíonn gníomhaíocht Ghaeltacht UCD leis na scoláirí, na hoidí agus na héascaitheoirí a mhealltar go mbíonn pobal láidir ag UCD ar an gcampas atá réidh agus in ann na gnéithe ar leith den Ghaeilge agus an cultúr a bhaineann léi a roinnt ar fud an domhain. I mí Eanáir 2022 ar iarratas ó Chomh-Oifig Choláistí UCD na Síne, chuir mic léinn, oidí agus alumnais Ghaeltacht UCD clár cultúrtha i láthair dá bpiaraí sa tSín. Mar chuid den chlár, rinne na mic léinn cur i láthair ar a gcontae dúchais agus chuir an clárseoir cáiliúil agus alumnas de chuid UCD Oisín Morrisson ceardlann ar siúl. Cuireadh an clár cultúrtha saincheaptha seo ar siúl beo ar líne. Tá sé tábhachtach a lua go n-íocann Comh-Oifig Choláistí UCD na Síne as aon chaiteachas a thagann ón gclár seo; is do thionscadail Ghaeilge amháin atá an tacaíocht speisialta ón Údarás um Ard-Oideachas.

Café Sheachtain na Gaeilge/Maidin Chaife Ghaeilge, Márta 2022


Mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge 2022, d'eagraigh Gaeltacht UCD maidin chaife Ghaeilge le ceol beo i d'fhoireann teagaisc agus baill foirne UCD. Bhí an ócáid ar siúl sa Spás Machnaimh, i Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn UCD, agus d'fhreastal cainteoirí agus foghlaimeoirí Gaeilge ó champais Belfield agus Smurfit uirthi. Bhuail cainteoirí Gaeilge ón bhfoireann le chéile arís, cuid acu a bhí ag obair ó chian agus/nó ag cur teorainn ar chaidrimh shóisialta le linn shrianta sláinte na bliana roimhe sin. Tharraing an ócáid aird ar sheirbhísí Ghaeltacht UCD 2022 agus mealladh roinnt baill foirne nua go UCD a bheadh in ann páirt a ghlacadh leis an teanga ar an gcampas. Tá an tlonad ag súil le hócáidí mar sin a chur ar siúl ar champas sa bhliain atá amach romhainn, ócáidí chun úsáid na teanga i dtimpeallacht réchúiseach, neamhfhoirmeálta a éascú.



Ceardlanna Cultúrtha

Ceardlanna Cultúrtha (fíorúil) Téarma an Fhómhair 2021

Teideal na Ceardlainne	Láithreoir	Rannpháirtithe
Ballaí Cloiche na hÉireann	Ken Curran, Saor Cloiche, Stiúrthóir ar Chumann na mBallaí Cloiche in Éirinn	104
Amhránaíocht Traidisiúnta	Irial Ó Ceallaigh, Amhránaí Traidisiúnta	96
Usáid na Gaeilge	Peadar Caomhánach, Méara Átha Cliath Theas, agus comhbhunaitheoir an 'Pop Up Gaeltacht'	16
Coillearnaí agus Fiadhúlra	Éanna Ní Lamhna, Bitheolaí agus Sainchomhleoir Timpeallachta	77
Iomlán		293



Tionscadal 3

Teach na Gaeilge 2021-2022, Scéim Scoláireachta Cónaithe,
<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/>

Gníomhaíocht Scéim na Scoláireachta Cónaithe 2020-2021 agus Comórtas 2021-2022

Cúlra: Bunaíodh *‘Teach na Gaeilge UCD’* an Scéim Scoláireachta Cónaithe Gaeilge, in 2000 agus 4 scoláire ann, méadaíodh é seo go 16 duine in 2001 agus ansin go 24 duine in 2010. Meallann *Teach na Gaeilge* mic léinn a bhfuil go leor bainte amach acu i gcónaí, agus bíonn Scoláireachtaí Iontrála de chuid na hOllscoile bronnta ar go leor acu. In 2016 bronnadh an Séala Eorpach Teanga ar an tionscadal as barr feabhais i gcur chun cinn teanga agus rinneadh 21 bliain de a cheiliúradh in 2021.

Fógraíodh 24 scoláireacht *Theach na Gaeilge UCD* don bhliain 2021-2022 i Márta 2021 i meánscoileanna ar fud na tíre (32 contae). Fógraíodh na scoláireachtaí chomh maith sna meáin Ghaeilge, ar na meáin shóisialta, ar shuíomh gréasáin Scoláireachtaí UCD <https://www.ucd.ie/students/scholarships/prospectiveundergraduatestudents/> agus ar shuíomh gréasáin Gaeltacht UCD <https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/scolaireachtaí/>. I measc scoláirí 2021-2022, a roghnaíodh ó iarratas agus ón agallamh, bhí cainteoirí dúchais traidisiúnta (as ceantair Gaeltachta), cainteoirí dúchais atá ag cur fúthu lasmuigh de na Gaeltachtaí, *Nua-chainteoirí* (cainteoirí líofa neamhdhúchasacha ó cheantair Ghalltachta), cainteoirí líofa a fuair oideachas lán-Ghaeilge agus cainteoirí líofa a fuair oideachas trí mheán an Bhéarla. I mbliana bhí na scoláirí mar ionadaithe don Ollscoil i saol na Gaeilge go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus d'éirigh leo cothromaíocht a choimeád idir cothú agus cur chun cinn na teanga. Le linn na bliana, chuir siad tús le raon leathan tionscadal teanga ar ghlac pobal mór na hOllscoile páirt iontu. Tá taifead déanta de scoláireacht *Ghaeltacht UCD* ar thras-scríbhinn acadúil gach mic léinn.

Déanann *Gaeltacht UCD* athbhreithniú leanúnach ar a scéim chónaithe le cinntiú go gcuirtear na tacaíochtaí is mó a chabhraíonn le cothú na teanga agus le rannpháirtíocht na mac léinn ar fáil. Fuarthas aiseolas dearfach ó scoláirí 2021-2022 agus bhí éileamh ar an gcomórtas in 2022-2023 arís. Ar an 1 Márta 2022, fógraíodh scoláireachtaí *Theach na Gaeilge* don bhliain 2022-2023. Bhí 89 iarratasóir san iomlán ann do na 24 scoláireacht atá

ar fáil. Cuireadh 80 iarratasóir faoi agallamh do scéim 2022-2023 ar an 26 Aibreán, 28 Aibreán, 31 Bealtaine, agus 2 Meitheamh agus as sin tairgeadh áit do 24 iarratasóir, 12 díobh a bheidh ag tosú mar mhic léinn.

Seisiún Ionductaithe agus Traenáil

Eagraíonn *Gaeltacht UCD* cláir shonracha ionductaithe agus oiliúna trí mheán na Gaeilge dá scoláirí. Reáchtáiltear iad seo roimh thús gach trimeastair agus, ar an mbealach sin, cinntítear gurb í an Ghaeilge teanga na cumarsáide tosaí i measc na scoláirí rannpháirteacha, i gcomhréir leis an dea-chleachtas i gcaomhnú agus i gcothú na teanga. Le linn ionductaithe, cuirtear feabhas ar an gcumarsáid idir na mic léinn scoláireachta féin, idir na mic léinn agus pobal na hOllscoile i gcoitinne, agus idir na mic léinn agus mórphobal na Gaeilge. Tugtar eolas do na scoláirí maidir leis na deiseanna atá ar fáil dóibh, na tacaíochtaí atá ar fáil agus maidir lena gcuid dualgas de réir Chonradh na Scéime Cónaithe Ghaeltacht UCD.

Áirítear 3 chúrsa deireadh seachtaine sa chlár 2020-2021: Bhí an chéad cheann ar siúl ar an 17-18 Meán Fómhair, an dara ceann ar an 24-25 Meán Fómhair 2021 agus an tríú ceann ag tús an dara trimeastar, ar an 14-15 Eanáir 2022. Ó cuireadh deireadh le srianta sláinte an rialtais, le linn ionductú 2021-'22, cuireadh béim ar an rannpháirtíocht trí ghníomhaíocht choirp, eagraíodh siúlóidí i gCill Mhantáin, ziplíne i sléibhte Bhaile Átha Cliath, agus rothaíocht i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath. Ghlac ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn UCD, *Cumann Gaelach UCD*, agus Trad Soc UCD páirt i seisiún ionductaithe 2021-2022. Tá alumnais na scéime lárnach do rath an tionscadail seo agus thug seisiún phleanála le halumnais agus meantóirí *Theach na Gaeilge* spreagadh do rannpháirtithe nua agus thug siad treoir agus tacaíocht maidir le cur i bhfeidhm na dtionscadail in 2021-2022.

Scéim Meantóireachta Theach na Gaeilge, Scéim Meantóireachta Alumni

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/meantoiritheachnagaeilge/>

Cúlra: Bíonn tionchar dearfach fós ag alumnais na scéime cónaithe ar úsáid agus ar chur chun cinn na Gaeilge i measc mhic léinn na scéime cónaithe. Tá caidreamh idir na mic léinn atá ann faoi láthair agus na hiar-mhic léinn agus ciallaíonn sé sin go mbíonn an teanga in úsáid acu i ndiaidh an chéim a bhaint amach, trí ghréasáin ghnó mar Borradh.ie, nó go gairmiúil i gcumainn mar *Cumann na nInnealtóirí* nó *Acadamh na Lianna*.

Cuireadh tús le clár meantóireachta Ghaeltacht UCD in 2016. Spreagtar meantóirí chun ceardlanna a eagrú le linn an ionductaithe agus chun bualadh le mic léinn aonair i rith na bliana. In 2021-2022, d'oibrigh ochtar meantóirí, arna gcomhordú ag iar-scoláire Ad Astra Dónal Ó Catháin, le mic léinn na scéime cónaithe, ag tacú leo i seachadadh a gcuid tionscadal agus ag neartú na nasc idir cainteoirí ar an gcampas agus iad siúd i bpobal níos leithne na Gaeilge. Mar chuid d'ionchur na meantóirí in 2021-'22, rinne alumnas Peadar Ó Lamhna, atá ag obair anois leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, ceardlann a éascú. Chuir Peadar ceardlann hibrídeach ar siúl do mhic léinn ar an 27 Deireadh Fómhair 2021 agus chuir alumnaís ó chontaetha ar leith in Éirinn agus thar lear leis. D'eagraigh alumnaís Edel Ní Churraoin agus Edel Ní Bhraoinán ó *Raidó Fáilte* agus *Aniar TV*, ceardlann maidir le fístaifeadadh do mhic léinn. Chomh maith leis sin, tugadh deis do roinnt de na scoláirí cónaithe a bheith páirteach i gclár teilifíse Gaeilge nua a bheidh á chraoladh i mí Dheireadh Fómhair 2022. Bíonn na meantóirí mar mholtóirí le haghaidh *Gradaim Ghaeltacht UCD*, gradaim bhliantúla Ghaeltacht UCD agus bhí go leor de na meantóirí páirteach sa searmanas bronnta bliantúil ag deireadh na bliana, a bhí ar siúl i m'Baile UCD', campas Belfield, 12 Aibreán.

Alumnaís Theach na Gaeilge UCD

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/alumnitheachnagaeilge/>

Mar aon leis na meantóirí, creideann Gaeltacht UCD go bhfuil go leor buntáistí ag baint le ceangail a chothú idir mic léinn agus alumnaís mar ciallaíonn na ceangail sin go mbíonn an Ghaeilge in úsáid acu i ndiaidh dóibh an chéim a bhaint amach. Anuas ar an rannpháirtíocht a spreag ceiliúradh 20 bliain de Scéim Chónaithe na Gaeilge do Mhic Léinn a bhí ar siúl in Eanáir 2020, tá sé mar aidhm ag Gaeltacht UCD cur leis an rannpháirtíocht seo agus ligean d'alumnaís páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí más cuí. Le blianta beaga anuas tá gréasáin cruthaithe ag roinnt alumnaís agus eagraíonn siad ócáidí Gaeilge ina gcomhlachtaí dlí nó airgeadais. Chuir alumnaís eile le grúpaí teaghlaigh cosúil le *Comhluadar Luimnigh*. In 2022 bhunaigh scoláirí a bhain an chéim amach go luath sna 2000idí agus a bhfuil páistí anois acu, gréasán do thuismitheoirí le Gaeilge i mBaile Átha Cliath, ag cur le seachadadh teanga. Tá Gaeltacht UCD ag súil le fáilte a chur roimh alumnaís ó ghairmeacha éagsúla do cheiliúradh 25 bliain den Scéim Chónaithe in 2025, an dara glúin de chainteoirí Gaeilge san áireamh.

Modúl Creidiúnaithe 2022 i Scileanna Craolta Raidió

Le linn a mbliana i *dTeach na Gaeilge*, bíonn deiseanna ag mic léinn a gcuid scileanna idirphearsanta agus ceannaireachta a chur chun cinn. Chomh maith le traenáil neamhfhoirmiúil agus an Scéim Meantóireachta, bíonn an deis ag scoláirí creidiúintí acadúla a fháil dá gcuid gníomhaíochta trí Mhodúl Horizons faoi leith: *Scileanna Cumarsáide*. Cuireadh *Scileanna Cumarsáide*, an modúl acadúil a dearadh go sonrach do mhic léinn scoláireachta *Theach na Gaeilge*, ar fáil don 15ú bliain as a chéile i mí Eanáir 2022. Chuir Gaeltacht UCD an modúl, a tairgeadh laistigh de *Horizons UCD*, ar fáil i gcomhpháirt le *Gaelchultúr Teoranta, Raidió na Gaeltachta*, agus Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, UCD. Chuir Gaeltacht UCD na hábhair teagaisc ar fáil trí *Ghaelchultúr*, fuair mic léinn taithí phraiticiúil ó chraoltóir Raidió na Gaeltachta, Póilín Ní Géidigh, agus bhí an modúl creidiúnaithe ag an scoil acadúil. Chuir an modúl ar chumas na mac léinn úsáid a bhaint as na scileanna a theastaíonn ionas go mbeidís in ann craoladh raidió a ullmhú, a chur in eagar agus a chur i láthair. Is féidir éisteacht le podchraoltaí ó mhodúil roimhe seo ar:

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/scileannacumarsaide/>

Cuirtear scoláirí ón scéim chónaithe faoi agallamh go minic ó *Radio na Gaeltachta*, *Radio na Life* agus *Radio Fáilte* maidir lena ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn, agus thug an modúl seo na scileanna cuí dóibh.

Tionscadail 'Teach na Gaeilge'

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/tionscnaimhnamacleinn/>

Mar choinníoll chun páirt a ghlacadh i scéim chónaithe UCD, bíonn ar mhic léinn obair mar ambasadóirí teanga agus tionscadail nó imeachtaí a eagrú a chuireann deiseanna ar fáil dá gcomhpháirtithe an teanga a úsáid. D'fhéadadh réimse leathan gníomhaíochtaí bunaithe ar bhuanna agus suimeanna an mhic léinn a bheith san áireamh i dtionscadail na Gaeilge. Tá roinnt tionscadail ráthúla a reáchtáiltear gach bliain, agus a bhfuil teagmháil leis an bpobal níos leithne mar chuid díobh, ann anois de bharr na saoirse chun obair ar thionscadal a roghnaigh siad féin agus na tacaíochta ó Gaeltacht UCD. In 2020-2021, i ndiaidh shrianta sláinte an rialtais nuair a bhí gníomhaíocht na mac léinn teoranta d'ócáidí fíorúla nó taobh amuigh, cuireadh tús le gníomhaíochtaí aghaidh ar aghaidh taobh istigh in 2021-2022, go háirithe i dTearma an Earraigh 2022. Fógraíodh na gníomhaíochtaí sin ar líne, trí chumainn

éagsúla na mac léinn agus rinne na mic léinn bainistíocht ar chuntais Instagram Gaeltacht UCD agus Scéim Chónaithe UCD go minic. Eagraíodh 21 ócáid san iomlán, tá cuntas ar chuid acu anseo thíos.

An Teanga a roinnt- Gaeilge do mhic léinn ar cuairt agus do mhic léinn malairte

‘Dúshlán Gaeilge 2022’ - tionscadal domhanda do Sheachtain na Gaeilge

Is ócáid bhliantúil í *Seachtain na Gaeilge UCD* atá eagraithe ag Aontas na Mac Léinn UCD, Cumann Gaelach UCD agus *Teach na Gaeilge* le tacaíocht ó Gaeltacht UCD. Reáchtáladh *Seachtain na Gaeilge* UCD 2021 ar líne go príomha agus d'eagraigh scoláirí *Teach na Gaeilge* tionscadal uathúil *Dúshlán Gaeilge*, tionscadal a chuir an teanga chun cinn i measc mic léinn in Éirinn agus thar lear. Bhí sraith dúshlán socraithe do rannpháirtithe agus bhain siad go léir le teanga agus le cultúr na hÉireann. Ghlac go leor daoine páirt sa tionscadal in 2021 agus eagraíodh arís é i mí an Mhárta 2022. Fuarthas urraíocht fhlaithiúil ó eagraíochtaí Gaeilge seachtracha ar leith.

Malartú Teanga

Eagraíonn scoláirí *Theach na Gaeilge* ceardlanna Gaeilge gach bliain i gcomhar le UCD ar Fud na Cruinne. Eagraítear na ceardlanna seo, *‘My First Gaeilge’* ag tús gach téarma agus bhí siad ar siúl i Meán Fómhair 2021 agus Eanáir 2022. I mí an Mhárta 2022, d'eagraigh scoláirí ócáid leis na mic léinn ar cuairt agus na mic léinn malairte mar cheiliúradh ar *Sheachtain na Gaeilge*, an tSeachtain Náisiúnta Gaeilge, agus, mar thoradh, eagraíodh an ócáid *Malartú Teanga*, gníomhaíocht mhalartaithe teanga thar a bheith rathúil. Scoláirí na scéime cónaithe a chuir an ócáid ar siúl sa *Seomra Chaidrimh* (seomra sóisialta ina labhraítear Gaeilge) i bhFoirgneamh Newman. Roinn mic léinn aonteangacha, dátheangacha agus tritheangacha ó chúlraí teanga ar leith a gcuid teangacha leis na mic léinn Gaeilge agus a mhalairt.

Ceol agus Spórt trí Ghaeilge

Oibríonn scoláirí *Theach na Gaeilge* go dlúth le scoláirí Trad Soc, cumann ceoil thraidisiúnta na mac léinn in UCD. D'eagraigh siad seisiúin cheoil go seachtainiúil i lár na cathrach le comhcheoltóirí ó Choláiste na Tríonóide, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Bhí na seisiúin seo ar siúl san ionad Gaeilge, Club

Chonradh na Gaeilge. I bhFómhar 2021 d'eagraigh siad seisiún faoin aer taobh locha ar champas UCD i mBelfield. Sheinn ceoltóirí ag go leor ócáidí Gaeilge Ghaeltacht UCD agus ag Bronnadh na nDochtúireachtaí Onóracha ar Cheoltóirí Gaeilge 2022. I dTearma an Earraigh 2022 eagraíodh céilí dátheangach do mhic léinn idirnáisiúnta in Ionad Spóirt UCD. Eagraíodh ócáidí spóirt go minic trí mheán na Gaeilge, comórtais chispheile, peil Ghaelach agus sacair san áireamh. Bhí an-tóir ar an ócáid bhailithe airgid do chumainn charthanachta le haghaidh daoine gan dídean, 'Rás Piggyback' agus do fhreastal a lán mac léinn ó dhisciplíní ar leith uirthi.

Feasacht Sláinte Mheabhrach in éineacht le BLOC TG4

<https://bloc.tg4.ie/ceacht/vzjLYtL06mE>

Rinne scoláire *Theach na Gaeilge* físeán promóisin in éineacht le BLOC TG4 chun aird a tharraingt ar shláinte mheabhrach na bhfear óg. Is mol sóisialta é BLOC a chuireann ábhar Gaeilge déanta ag daoine óga do dhaoine óga os comhair an phobail.

An Ghaeilge sa Saol Gairmiúil

Moltar do scoláirí dul i gcomhairle leis na heagraíochtaí gairmiúla Gaeilge. I mbliana chuir triúr de scoláirí na scéime cónaithe in UCD fáilte chuig Dr Colm Ó Sé ó *Acadamh na Lianna* labhairt leis na mic léinn a bhfuil Gaeilge acu. D'eagraigh na scoláirí an ócáid seo in éineacht le Med Soc UCD. Bhí slua maith ag an ócáid idir mhic léinn leighis, fisiteiripe, radagrafaíochta, altranais agus cnáimhseachais ann, d'fhreastal cuid mhór dóibh ar bhunscoil nó meánscoil lán-Ghaeilge.

UCD All agus Lónra Rochtana Chluain Dolcáin

I mí an Mhárta 2021, ar iarratas ó UCD All, chuir roinnt Scoláirí na Scéime Cónaithe ceardlanna beo ar siúl le haghaidh scoileanna a bhfuil stádas DEIS acu (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh) atá lonnaithe i gCluain Dolcáin, Baile Átha Cliath. Chabhraigh siad le daltaí chun ullmhú do bhéaltrialacha na hArdteistiméireachta. Fuarthas aiseolas dearfach ó na daltaí meánscoile agus óna múinteoirí agus leanadh leis an tionscadal in 2022. Chuir scoláirí *Theach na Gaeilge* 3 cheardlann ar líne ar siúl.

Cuairteanna ar Dhaltaí Bunscoile agus Meánscoile

Thug beirt de Scoláirí na Scéime Cónaithe 2021-2022 cuairt ar bhunscoileanna agus meánscoileanna taobh amuigh den scéim DEIS. I measc na ngníomhaíochtaí bhí ceardlann ar scéalta béaloidis Gaelach do pháistí bunscoile agus cuairteanna ar dhaltáí na hidirbhliana i gColáiste Belvedere agus Coláiste Chaisleán Cnucha i mBaile Átha Cliath, chun deiseanna d'úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.

Aontas na Mac Léinn UCD agus an Ghaeilge

Go minic bíonn ról ceannaireachta ag scoláirí na scéime cónaithe i gcumainn na mac léinn in Aontas na Mac Léinn UCD nó Aontas na Mac Léinn in Éirinn. In 2021-2022 vótáladh iar-scoláire Louise Mac Mathúna ina hOifigeach na Gaeilge (Irish Language Officer) UCDSU. Rinne Louise an chéad aistriúchán Gaeilge de bhunreacht UCDSU a chomhordú. Chríochnaigh Rob Ó Beacháin mac léinn Gaeilge agus Dlí an t-aistriúchán agus bhí an seoladh ar siúl i mí an Mhárta le linn *Sheachtain na Gaeilge 2022*. Thug Gaeltacht UCD, Conradh na Gaeilge agus ionadaí ó Óstaí na Rí tacaíocht don ócáid.

Gradaim Ghaeltacht UCD 2022, Gradaim na Mac Léinn

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/gradaimghaeltachtucd/>

Thug Gaeltacht UCD gur gá aitheantas a thabhairt d'obair agus do thiomantas mac léinn, clubanna agus cumann i gcur chun cinn na teanga, agus mar sin, tugadh isteach *Gradaim Ghaeltacht UCD* in 2009. Ba í an bhliain 2021-2022 an 13ú bliain den tionscnamh rathúil seo. Reáchtáladh *Gradaim Ghaeltacht UCD 2022* ar an 12 Aibreán, bhí an ócáid ar siúl aghaidh ar aghaidh den chéad uair ó mhí an Mhárta 2019. I measc na ngradam a bronnadh, bhí *Ambasadóir Mic Léinn Theach na Gaeilge* agus tugadh aitheantas do chumainn ab fhearr a chuir an Ghaeilge chun cinn, lasmuigh de na cumainn/clubanna Gaeilge. Roghnaítear faighteoirí na ngradam i mballóid mac léinn roimh an imeacht. Bhí reachtairí mic léinn, Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn, ionadaithe ó *Scéim Meantóireachta Theach na Gaeilge*, agus Cathaoirleach an *Bhoird Tacaíochta Gaeilge UCD* rannpháirteach san imeacht ar líne. Is féidir teastais agus grianghraif de na himeachtaí gradaim a fheiceáil ag: <https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/gradaimghaeltachtucd/> agus ar na meáin sóisialta.



Imeachtaí Gaeilge





Imeachtaí Gaeilge



Tionscadal 4

Rannpháirtíocht Gaeltacht UCD

Rannpháirtíocht Áitiúil

Le linn 2021-2022, lean *Gaeltacht UCD* uirthi a bheith rannpháirteach laistigh den Ollscoil, go háirithe le gníomhaíochtaí a bhain le Cultúr agus Gníomhaíocht UCD, UCD Ar Fud na Cruinne, agus Cothromas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú UCD. Bhí ionadaithe ón Ionad ar choistí 'UCD sa Phobal,' 'Seirbhísí do Mhic Léinn UCD' agus 'Cultúr agus Gníomhaíocht UCD' chomh maith le Grúpa Ilchultúrtha UCD (Coiste Chothromas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú UCD).

Leanann Stiúrthóir Gaeltacht UCD ar aghaidh mar bhall gníomhach den choiste 'Líonra Ilchultúrtha Fostaithe in UCD', líonra trína roinneann fostaithe a dteangacha agus a gcultúir éagsúla. I mí na Samhna 2021, bhí seastán fíorúil ag Gaeltacht UCD ag *Lá Oscailte UCD* agus i mí an Mhárta 2022 ag *Aonach UCD d'Iar-chéimithe*. I Meitheamh 2022, bhí seastán ag an Ionad ag *Féile UCD* le heolas ó *Tionól Gaeilge UCD 2022*, an Scoil Samhraidh Gaeilge Idirnáisiúnta, a chuireann fáilte roimh an bpobal.

Rannpháirtíocht Náisiúnta

Tá *Gaeltacht UCD* i dteagmháil rialta le pobal náisiúnta na Gaeilge. In 2021-2022, d'fhan sí i dteagmháil le 6 phríomheagraíocht laistigh d'Fhóram Comhpháirtíochta Uile-Oileáin *Fhoras na Gaeilge: Glór na nGael, Gael-Linn, Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann, Gaeloideachas agus Oireachtas na Gaeilge*, <https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtaí/gaeilgesaphobal/> I rith na bliana chuir Stiúrthóir Gaeltacht UCD leis na meáin Ghaeilge; ghlac sí páirt i gcraoltaí ar Raidió na Gaeltachta agus rinne sí ailt nuachta don fhoilseachán Gaeilge *Tuairisc.ie*. Chomh maith le tacaíocht a thabhairt ag cruinnithe agus ócáidí ar leith i *Saol na Gaeilge*, is comhalta boird deonach é Stiúrthóir an Ionaid ar dhá éagraíocht Ghaeilge: *Gael-Linn* agus *Imram*, eagraíonn an dá cheann comórtais éagsúla go sonrach do mhic léinn tríú leibhéal. Ghlac scoláirí de chuid Theach na Gaeilge, James Knoblauch, agus a chomhmhac léinn, You Lai Kavanagh, ó Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn UCD páirt i mbabhta ceannais Chomórtas Díospóireacht Náisiúnta *Oireachtais na Gaeilge* Deireadh Fómhair 2021 ar son UCD. Ghlac Scoláirí *Theach na Gaeilge*, Seán Mac Amhlaidh agus Annie Sheehan, mic léinn Scoil Dlí UCD páirt i mbabhta ceannais

Chomórtas Bréagchúirte Náisiúnta Gael-Linn, Samhain 2021. Chomh maith leis sin, ghlac mic léinn Ghaeltacht UCD páirt in ócáidí ar son UCD, ócáidí cosúil le *Traenáil na Reachtairí*, éascaithe ag *Conradh na Gaeilge* i mBaile Átha Cliath, Samhain '21 agus *Comhdháil Chonradh na Gaeilge*, a reáchtáladh i nGaillimh, mí an Mhárta '22. Is baill ghníomhacha iad an bheirt bhall foirne in Oifig Ghaeltacht UCD, Stiúrthóir agus Riarthóir, den eagraíocht ghairmiúil *Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge* (COFG), <https://cofg.ie/>, an Cumann Náisiúnta d'Oifigí agus Stiúrthóirí na Gaeilge. Bhí ionadaithe ón Oifig ag gach cruinniú a d'eagraigh an cumann in 2021 agus iad ag súil le hathruithe ar reachtaíocht na Gaeilge agus arís i Meitheamh 2022 tar éis theacht i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú). Bhí na cruinnithe seo éascaithe ag *Foras na Gaeilge*.

Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

<https://www.ucd.ie/irish/ga/arfudnacruinne/>

Bíonn tóir ar ghníomhaíochtaí Ghaeltacht UCD i measc mic léinn ar cuairt, mic léinn malairte agus fostaithe idirnáisiúnta. Tháinig thart ar 50% de na hiarratais ar chúrsaí teanga agus ceardlanna cultúrtha an Ionaid in 2021-'22 ó rannpháirtithe ó thír nó ó réigiún taobh amuigh d'oileán na hÉireann. Chomh maith leis na bunghníomhaíochtaí, chuir an tIonad cúrsaí saincheaptha ar fáil do ghrúpaí ar cuairt nuair a iarradh air sin a dhéanamh. In 2017 bhunaigh an tIonad *Tionól Gaeilge UCD*, Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Gaeilge. I ndiaidh briseadh in 2021, de bharr srianta sláinte, chuir an scoil túr arís le teagasc aghaidh ar aghaidh in 2022. Ar an 27 Meitheamh 2022, chuir an tOllamh Dolores O'Riordan, Leas Uachtarán UCD um Rannpháirtíocht Dhomhanda fáilte roimh 133 rannpháirtí ina raibh cainteoirí agus foghlaimoirí Éireannacha chomh maith le mic léinn tríú leibhéal agus baill den diaspóra ó na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Astráil, na Ríocht Aontaithe, ón tSeice agus ón nGearmáin. Ba é téama na scoile in 2022 ná 'An Ghaeilge i Sochaí Inbhuanaithe Dhomhanda agus i measc na haoiléachtóirí bhí Dr Ríona Nic Chongail, Dr Finbar Bradley, Réamonn Ó Ciaráin, Siún Ní Dhuinn, Seosamh Ó Murchú agus Dr Criostóir Mac Cárthaigh. Chomh maith le teagasc teanga agus léachtóirí, chuir an scoil clár oíche cultúrtha bunaithe ar an traidisiún ar fáil. I measc na haoíonna bhí Dubhán Ó Longáin, an píobaire Nollaig Mac Cárthaigh, an t-amhránaí traidisiúnta Muireann Ní Cheannbháin agus an damhsóir Sibéal Davitt. Bhain na rannpháirtithe sult as turas teoraithe ar MOLI Músaem Litríochta na hÉireann, a cuireadh ar siúl trí mheán na Gaeilge, agus bhí seans acu bualadh le cainteoirí



Gradaim Ghaeltacht UCD 2022



An tOllamh Micheál Ó Dochartaigh, Déan agus Ceanntóir Scoil an Leighis Tréidliachta UCD ag caint leis na mic léinn scoláireachta



James Knoblauch, buaiteoir 'Gradam Ambasadóir Theach na Gaeilge 2022' & Seán Mac Amhlaidh, buaiteoir 'Gradam Cinnireachta 2022'



Clár Ní Bhuachalla, Stiúrthóir Ghaeltacht UCD, Theresa Benny, mac léinn scoláireachta Theach na Gaeilge agus an tOllamh Micheál Ó Dochartaigh, Cathaoirleach Bord Tacaíochta Gaeilge UCD



Mic léinn scoláireachta Seán Mac Amhlaidh agus Gearóid Darids in éineacht leis an Ollamh Regina Uí Chollatáin, ball de Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD



Gradaim Ghaeltacht UCD 2022



*Mic léinn scoláireachta Theresa Benny,
Aimee Ní Bhraonáin, Emily Ní Bhraonáin agus
Laoighse Ní Eochagáin*



Mac léinn scoláireachta Clíodhna De Brún



Mac léinn scoláireachta, Aaron Gaffney



Mic léinn scoláireachta Leah Ní Ghairbhígh & Mary Ní Dhonncha

Gaeilge taobh amuigh de UCD ar *oíche siamsaíochta*, (siamsaíocht le ceol beo) i gClub
Chonradh na Gaeilge.



Rannpháirtíocht Ghaeltacht UCD: Áitiúil, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta



Ag Seoladh 'Bunreacht Aontas na Mac Léinn UCD',
leagan Gaeilge, bhí Eoin Mac Evoy, UCD Scoil na Gaeilge an
Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloideas, Daithí Mac Cárthaigh, BL,
Ostaí na Rí, Louise Mac Mathúna, Oifigeach na Gaeilge UCDSU,
Clár Ní Bhuaichalla, Stiúrthóir Ghaeltacht UCD
& Ruairí Power, Uachtarán UCDSU.



Thug mic léinn ó Ollscoil Roskilde na Danmhairge cuairt ar Theaach na Gaeilge
UCD: Joos Hansen, Ilinca Muresan, Martin Markenberg & Lucijs Gruber



An Dr Colm Ó Sé ó Acadamh na Lianna agus
labhairt le mic léinn leighis in UCD



Mic léinn You Lai Kavanagh & James Knoblauch ar fhoireann UCD ag an gcraobh de Chómortas
Náisiúnta Díospóireachta an Irish Times/Gael-Linn, a bhí mar chuid d'Fhéile Oireachtas na Gaeilge 2021



Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta



*An tOllamh Dolores Dolores O'Riordan,
Leas Uachtarán UCD
do Rannpháirtíocht Domhanda
ag cur fáilte roimh rannháirtithe 2022*



*Rannpháirtithe Scoil Samhraidh 2022 in éineacht le Clár Ní Bhuachalla,
Stiúrthóir Gaelacht UCD & Dolores O'Riordan,
Ollamh & Leas Uachtarán do Rannpháirtíocht Domhanda UCD*



*An tOllamh Dolores O'Riordan ag cur fáilte roimh
Fenja Schulz, Klará Hutková & Carmen Schacht
chuig Scoil Samhraidh Gaelacht UCD 2022*



*William Ó hÍomhair,
ceoltóir agus riarthóir de chuid Gaelacht UCD
a sheinn an maindlín ag seoladh oifigiúil na scoile, 2022*



Rannpháirtíocht Cultúrtha

Coláistí Comhpháirteach na Síne, UCD




Cathair Bhaile Átha Cliath



An Ceoltóir agus cumadóir Oisín Morrisson, Alumnus UCD, a labhair faoin gcláirseach ag ceardlann fíorúil do mhic léinn sa tSín



Sceilg Mhichíl, Co Chiarraí



Caisleán Bhaile Átha Troin, Co na Mí

Tionscadal 5

Tacaíochtaí d'Fhoireann UCD

<https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtaí/>

Seirbhís Aistriúcháin agus Chomhairleach

Cúlra: Thionscnaigh *Gaeltacht UCD*, i gcomhar le TCD agus DIT (ar a dtugtar Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath anois), tionscadal idir-ollscoile agus é mar aidhm aige seirbhís roinnte aistriúcháin a fháil a d'fhreastalódh go sonrach ar na 3 institiúid. Chuir *Rannóg an Aistriúcháin* (An Rannóg Aistriúcháin de chuid Thithe an Oireachtais) comhairle ar na 3 institiúid faoi chur i bhfeidhm an tionscadail sin. Tá an tseirbhís roinnte aistriúcháin seo i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2010. Leis an tseirbhís, cinntítear go n-aistrítear cáipéisí Ollscoile go saineolach agus dá réir sin, rinneadh an costas ar gach ceann de na 3 institiúid a íoslaghdú. In 2020, iarradh tairiscint nua agus síníodh conradh nua 12 mhí le haghaidh seirbhísí aistriúcháin idir UCD agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Leathnaíodh an conradh seo ar feadh bliain eile in 2022.

Le linn 2020-2021, leanadh leis an bhfás ar an éileamh ar aistriúchán, seirbhísí inmheánacha profála agus comhairle ar riachtanais reachtaíochta an Ionaid. An chúis a bhí leis an méadú san éileamh ná feachtas na bhfostaithe ar oibleagáidí dlíthiúla na hOllscoile, tar éis dréachtú scéim teanga trí bliana UCD agus i ndiaidh iarratais ó roinnt aonad a bhí ag iarraidh bheith ar an eolas maidir leis na hathruithe reachtaíochta. Bhí aistriúchán agus profáil inmheánach ag teastáil chun an obair a dhéanann raon leathan coláistí, scoileanna agus aonad a éascú. Ba ó Eastáit UCD a tháinig an t-éileamh ba mhó agus iarratais faighte do ghlórphoist, ballaí clár suíomhanna, socrúcháin pháirceála agus fógraí sábháilteachta. In 2022, d'óstáil Leabharlann UCD taispeántas dátheangach agus thosaigh Acmhainní Daonna UCD ar raon leathan foirmeacha agus litreacha caighdeánacha a aistriú. Bhain Cumarsáid UCD agus Caidreamh Alumnais UCD úsáid as an tseirbhís aistriúcháin chun tuairiscí bliantúla agus pleananna straitéiseacha a aistriú. Chomh maith leis sin, lorg a lán scoileanna acadúla aistriúchán ar iarratais ar mhaoiniú do thionscadail shuntasacha nuair a bhí dualgas ann dara teanga (mionlaigh) a úsáid. Is féidir teacht ar aistriúcháin Oifig UCD ar Straitéis um Rannpháirtíocht Dhomhanda 2021-2024 UCD, agus foilseacháin Ghaeilge eile de chuid na hOllscoile ar: Gaeltacht UCD/Foilseacháin.

Acmhainní

Rinneadh nuashonrú leanúnach i nGaeltacht UCD ar bhunachar sonraí na n-aistriúchán ar ainmneacha scoileanna agus foirgneamh <https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtaí/>. Leanadh le liosta de bhaill foirne reatha a bhfuil Gaeilge acu a chur le chéile chomh maith:

<https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtaí/baillfoirnelegaeilge/> An aidhm atá leis an acmhainn seo ná go mbeidh sé níos éasca teacht ar an leagan Gaeilge de theidil na gcoláistí agus na scoileanna. Tá an bunachar sonraí de bhaill foirne a bhfuil Gaeilge acu úsáideach do mhic léinn nua chomh maith leis na meáin Ghaeilge.

Éascaíocht ar Chomhlíonadh na Reachtaíochta san Ollscoil

<https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtaí/reachtaiochtteanga/>

Cúlra: I mí na Bealtaine 2021, ghlac Gaeltacht UCD seilbh ar scéim na Gaeilge 2021-2024 de chuid UCD, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tháinig sí i gcomhairle le páirtithe leasmhara, rinneadh cruinnithe agus grúpaí fócais a óstáil agus eagraíodh seisiúin eolais do *Choiste Acht na dTeangacha* san Ollscoil (Coiste Acht na dTeangacha Oifigiúla). I Meán Fómhair 2021, críochnaíodh dréacht de Scéim na Gaeilge, 2021-2024 i gcomhpháirt le ceannairí aonaid UCD agus cuireadh ar aghaidh chuig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán í.

Beidh feidhm ag an scéim go dtí go mbeidh treoirlínte d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 foilsithe ag an *gCoiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge*, coiste comhairleach rialtais a bunaíodh le déanaí. Thacaigh an Ollscoil, de réir an Achta, go díreach leis na hacmhainní breise a bhí ag teastáil chun Scéim na Gaeilge UCD 2021-2024 a dhréachtú.



Tionscadal 6

Gníomhaíochtaí do Chur Chun Cinn na Gaeilge



Seirbhís Aistriúcháin agus Comhairleach

Oifigí, aonaid agus scoileanna a bhain feidhm as seirbhís aistriúcháin agus comhairleach UCD le linn na bliana 2021-22

1	Rialú Ollscoile UCD - Rúnaíocht UCD
2	Oifig an Uachtaráin UCD
3	Oifig an Chláraitheora UCD
4	Clárlann UCD-Measúnú
5	Clárlann UCD- Earcú Mac Léinn
6	Airgeadas UCD
7	Rannpháirtíocht Domhanda UCD
8	Acmhainní Daonna UCD- Soláthar Acmhainní
9	Rannpháirtíocht agus Cultúr UCD
10	Dignit agus Meas UCD
11	Rochtain agus Foghlaim Fad Saoil UCD
12	Eastáit UCD- Trácht agus Comaitéireacht
13	Eastáit UCD-Árais Chónaithe
14	Scoil an Leighis Tréidliachta UCD
15	Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD
16	Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí
17	Coláiste na nEalaíon agus na nEolaíochtaí Daonna
18	Scoil an Pholasáí Shoisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD
19	Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasáí Chomhshaoil
20	Seirbhísí IT UCD
21	Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD
22	Scoil na Seandálaíochta UCD
23	Scoil Ghnó Michael Smurfit UCD
24	Greasán na nGairmeacha UCD
25	Alumni UCD
26	Scoil na hAiltireachta
27	Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí idirnáisiúnta UCD
28	Caidreamh Alumni UCD
29	Caidreamh UCD
30	Leabharlann UCD
31	Scoil an Leighis UCD
32	Stáisiún Taighde Comhshaoil Rosemount UCD
33	Léann Iarchéime UCD

Foilseacháin

Foilsíodh ailt ar imeachtaí *Ghaeltacht UCD* go rialta i bhfoilseacháin inmheánacha de chuid UCD amhail *UCD Today* <http://www.ucd.ie/ucdtoday/> agus Ríomhíris d'Alumnais UCD <https://alumni.ucd.ie/magazine-archive/>. Cuireadh fógraí amach go rialta i ríomhírisí fhoireann agus mhic léinn UCD atá ar fáil trí inlíon UCD agus ar *UCD Connect* leictreonach, *Irish Times* ar líne agus ar *dTuairisc.ie*. Bhí gníomhaíochtaí an Ionaid le feiceáil sna meáin Ghaeilge freisin; i *dTuarascáil*, san *Irish Times* ar líne agus san fhoilseachán Gaeilge, *Tuairisc.ie*. Foilsíodh fógraí le haghaidh cúrsaí teanga agus scéim scoláireachta chónaithe na hOllscoile ar mheáin mhic léinn UCD, in *UCD Observer* agus in *UCD College Tribune*.

Lean Gaeltacht UCD ar aghaidh ag dearadh ábhair éagsúla mhargaíochta le linn na bliana. Dearadh na hábhair ar fad in 2021-2022 le haghaidh dáileadh leictreonach, seachas póstaer a cuireadh ar taispeáint ar champas agus bileoga eolais a seoladh chuig meánscoileanna sa phost; bhí siad ar taispeáint ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD agus roinneadh iad ar na meáin sóisialta, Twitter, Facebook agus Instagram.

Suíomh Gréasáin Ghaeltacht UCD: www.ucd.ie/irish

In 2021 rinne Gaeltacht UCD suíomh gréasáin nua a dhearadh. Tarraingítear tionscadail an Ionaid ar an suíomh gréasáin agus déantar eolas níos inrochtana dóibh siúd laistigh de agus taobh amuigh de phobal UCD. Tarlaíonn clárúchán do chúrsaí Gaeilge, gníomhaíochtaí cultúrtha agus scoláireachtaí go léir ar an suíomh gréasáin trí Infohub UCD, córais atá i bhfad níos inrochtana anois don úsáideoir. Ba shuíomh dátheangach i gcónaí é suíomh gréasáin Ghaeltacht UCD; is féidir le húsáideoirí ar an suíomh gréasáin nua bogadh gan stró ó Ghaeilge go Béarla agus Béarla go Gaeilge ar gach leathanach. In 2021-2022 lean an tlonad leis an t-ábhar is déanaí, sceidil, grianghraif, agus taifeadtaí a uaslódáil. Rinneadh níos mó forbartha ar na míreanna nua 'Tacaíochtaí Foirne' agus 'Gaeilge sa Phobal'.



Seirbhís Aistriúcháin agus Comhairleach

**Tuarascáil
Ghaeltacht UCD,
Meán Fómhair 2020 -
Lúnasa 2021**



**Straitéis um
Rannpháirtíocht
Dhomhanda 2021-
2024**



Foilseachán Ollscoile
Le léamh ag:
<https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtaí/foilseachain/>



**Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2019
Official Languages (Amendment) Bill 2019**

*Mar a thionscnaíodh
As initiated*

*Shíníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú)
ina dhlí in Nollaig 2021*

**RÉIDH
DON
TODHCHAÍ**
Straitéis UCD 2020-2024
**Plean Straitéiseach
UCD 2020-2024**



University College Dublin
Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Na Meáin Shóisialta

Bíonn Gaeltacht UCD le feiceáil go rialta ar na meáin shóisialta lena n-áirítear *Twitter* @ucdgaeltacht (3,471 leantóir), *Facebook* @ucdgaeltacht (2,118 leantóir), agus *Instagram* #ucdgaeltacht (1,968 leantóir). Cuireann an rannpháirtíocht seo le hinfheictheacht na teanga, cuireann sí tionscnaimh Ghaeilge na hOllscoile chun cinn, agus cruthaíonn sí nasc léi agus le pobal domhanda na Gaeilge.

Na Meáin Ghaeilge

Le linn 2020-2021, cuireadh agallamh go rialta ar Stiúrthóir Gaeltacht UCD ar Raidió na Gaeltachta, Raidió Fáilte agus Raidió na Life. I measc na gclár bhí *Fada is Fairsing* le Lisa Nic an Bhreithimh, *Comhrá an Tráthnóna* le Pádraig Ó Sé agus *Painéal an Luain* le Fachta Ó Drisceoil. Tugadh deis aird a tharraingt ar obair an Ionaid agus ar thionscnaimh chuí eile de chuid na hOllscoile trí agallaimh agus trí rannpháirtíocht i bpléghrúpaí. Scríobh an t-iriseoir Éanna Ó Caolaí faoi thionscadail an Ionaid san *Irish Times* agus in Tuairisc.ie.

Urraíocht

Le linn 2021-2022, thacaigh *Gaeltacht UCD* le húsáid na teanga ag scoileanna, ionaid, aonaid, cumainn agus clubanna mhic léinn UCD. Thacaigh an tlonad leis an mbaint a bhíonn ag mic léinn leis an litríocht agus iriseoireacht tríd an urraíocht do *Dhuaisianna Liteartha an Oireachtais* (an gradam náisiúnta sa rannóg iriseoireachta dóibh siúd faoi bhun -19 mbliana d'aois), lena n-áirítear an searmanas bronnta is déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2021. Chomh maith leis sin, chuir an tlonad tacaíocht aistriúcháin agus profála ar fáil do roinnt iriseoirí, blagálaithe agus físbhlagálaithe Gaeilge ar mhic léinn iad.

Tacaíocht Ollscoile

Struchtúr, Bainistíocht agus Riarachán

Struchtúr, <https://www.ucd.ie/irish/ga/fuinn/>

Is cuid de phunann Rannpháirtíochta Domhanda UCD í Gaeltacht UCD agus tá rath ar a gníomhaíocht sa timpeallacht dhomhanda seo. Chuaigh an tlonad isteach i Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD faoi stiúir an Ollaimh Dolores O'Riordan, Leas-Uachtarán UCD le haghaidh Rannpháirtíocht Dhomhanda i Meitheamh 2019 agus ba í sin an tríú bliain acadúil laistigh

den struchtúr nua. Ba thoradh é athstruchtúró an Ionaid d'athbhreithniú cuimsitheach ar an aonad (tugadh *Bord na Gaeilge* air roimhe seo) a rinneadh in 2018-2019. D'éirigh leis an athrú struchtúir neart a chur le próifíl na teanga. Tá tar éis éirí le Gaeltacht UCD a bhfuil eisceachtúil faoin nGaeilge agus faoina cainteoirí a chothú agus fós ag tabhairt an teanga agus an cultúr a bhaineann léi go pobal níos leithne ar fud na cruinne.

Bord Tacaíochta Gaeilge UCD

<https://www.ucd.ie/irish/ga/fuinn/bordtacaiochtagaeilge/>

Cúlra: Bunaíodh Bord Gaeilge in UCD den chéad uair in 1996. B'ionadaithe iad na comhaltaí boird ar mhic léinn agus ar fhoireann UCD thar réimse dámh. Bhí ar an mbórd comhairle a chur ar aonad na Gaeilge *Bord na Gaeilge* agus moltaí a dhéanamh d'Údarás Rialaithe UCD maidir le húsáid na Gaeilge. In 2020, ar aon dul le hathstruchtúró aonad na Gaeilge agus bunú *Ghaeltacht UCD, Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr*, ghlac Údarás Rialaithe UCD le téarmaí tagartha nua do *Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD*, bord comhairleach don Ghaeilge. Is baill bhoird iad foireann Ghaeltacht UCD. Is é an tOllamh Micheál Ó Dochartaigh Cathaoirleach reatha an bhoird; Is féidir baill an bhoird agus téarmaí tagartha a fheiceáil ag an nasc thuas. Bhí Gaeltacht UCD freagrach d'Údarás Rialaithe UCD i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus chuig an mBord Tacaíochta Gaeilge i mí Eanáir 2022.

Bainistíocht agus Riarachán

Tá oifig Ghaeltacht UCD agus a tionscadail á mbainistiú ag Stiúrthóir lánaimseartha amháin agus Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin lánaimseartha amháin. Thacaigh maoiniú speisialta do thionscnamh spriocdhírithe le tionscnaimh 2021-2022 ar fad agus le post an Chúntóra Shinsearaigh Feidhmiúcháin. Leis an maoiniú don Chúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin cinntítear gur leanadh le raon leathan tionscnaimh ar ardchaighdeán a chur ar fáil do phobal na hOllscoile. Leanann an Ollscoil ag tacú le gach tionscadal a ndéantar cur síos air sa tuarascáil seo.

Mar Fhocal Scoir

Bhí tionscnaimh Ghaeltacht UCD 2021-2022 bunaithe ar an tuiscint go mbraitheann úsáid na Gaeilge ar an gcumas í a labhairt, an deis í a úsáid agus ar dhearcadh dearfach a chothú i leith a húsáide, tuiscint atá le brath freisin i *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*, straitéis 20

bliain an rialtais don Ghaeilge. Tá obair Ghaeltacht UCD bunaithe ar an gcreideamh gur acmhainn luachmhar, in-athnuaite í an Ghaeilge agus gur gá í a chothú, tasc a thagann le Straitéis UCD chun sochaí dhomhanda inbhuanaithe a chruthú. Cuireann UCD éagsúlacht cultúir agus teangacha chun cinn agus chabhraigh sé sin le rath na dtionscnamh Gaeilge, 2021-2022. Bhí ról ag an gcaidreamh dearfach atá ag UCD le alumnais agus leis an bpobal i gcoitinne i rath na dtionscnamh chomh maith. Chuir an comhoibriú le alumnais agus le heagraíochtaí Gaeilge agus cultúrtha trasna an oileáin le tionscadail na bliana. Cuireadh deireadh leis na srianta sláinte deireanacha a bhí á gcur i bhfeidhm ag an rialtas sa bhliain 2021-'22 agus mar sin bhí spéis arís i seirbhísí Gaeilge ar an láthair. Ghlac an tIonad leis an éileamh; dá réir sin, cuireadh spásanna ar fáil do níos mó ná 500 rannpháirtí i dteagasc teanga agus ceardlanna ar líne, rinneadh forbairt níos leithne ar acmhainní cúrsaí agus cruthaíodh deiseanna an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den seomra ranga. Cuireadh deiseanna ar fáil cruinnithe agus cúrsaí ionductúcháin a eagrú ar an láthair arís agus bhí ról lárnach aige maidir le scéim chónaithe scoláireachta an Ionaid, a bhfuil an-mheas uirthi, a thabhairt ar ais go gníomhaíocht ar champas agus ar an láthair. Rinneadh cumarsáid le pobal na Gaeilge i gcoitinne trí scoil samhraidh Ghaeilge a chur ar fáil agus trí rannpháirtíocht i gcruinnithe agus ócáidí lasmuigh den champas. I ngach ceann de na tionscnaimh seo, thacaigh Gaeltacht UCD leis an Ollscoil reachtaíocht na Gaeilge a chomhlíonadh, ag cinntiú go bhfuil meas agus cuimsiú ann do chainteoirí na teanga.

Leis an bhforáil speisialta do thacaíocht na Gaeilge, tugadh deis do Ghaeltacht UCD clár bríomhar gníomhaíochta a chur i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2021 - mí Lúnasa '22. Trí ghníomhaíocht na mac léinn, gníomhaíocht foirne agus rannpháirtíocht sa phobal i gcoitinne d'éirigh le Gaeltacht UCD níos mó ná 1,000 rannpháirtí a mhealladh, ag cur le heispéireas oideachasúil iomlánaíoch na hOllscoile agus a tionchar ar fud na cruinne.